RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/941 ÓN gCOIMISIÚN

an 10 Meitheamh 2021

lena leagtar síos nós imeachta sonrach um shainaithint feithiclí tromshaothair atá deimhnithe mar fheithiclí seirbhíse ach nach bhfuil cláraithe amhlaidh agus lena gcuirtear i bhfeidhm ceartúcháin maidir le meánastaíochtaí sonracha bliantúla CO_2 an mhonaróra chun na feithiclí sin a chur san áireamh

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1242 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena socraítear na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí CO2 d'fheithiclí nua tromshaothair agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 595/2009 agus (AE) 2018/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 96/53/CE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 2(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chun feithiclí tromshaothair atá deimhnithe mar fheithiclí seirbhíse ach nach bhfuil cláraithe amhlaidh a shainaithint, is iomchuí na sonraí a thuairiscigh na monaróirí agus na Ballstáit a úsáid i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]).

(2) Chun na neamhréireachtaí sna sonraí arna dtuairisciú maidir le deimhnithe agus clárúcháin i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/956 a réiteach, ba cheart cead a thabhairt do na Ballstáit agus do na monaróirí barúil a thabhairt faoi fhaisnéis nua agus, i gcás inar ghá, faisnéis nua a thuairisciú chun an fhaisnéis a tuairiscíodh roimhe sin a cheartú.

(3) I dtaca le ceartúcháin atá mar thoradh ar fheithiclí tromshaothair atá deimhnithe mar fheithiclí seirbhíse ach nach bhfuil cláraithe amhlaidh, agus a chuirtear i bhfeidhm maidir le meánastaíochtaí sonracha bliantúla CO_2 an mhonaróra, is gá na ceartúcháin sin a bheith comhréireach agus athchomhairleach, chun dreasú a thabhairt maidir le próiseáil cheart chúramach a dhéanamh ar shonraí agus chun go seachnófar astaíochtaí CO_2 a shannadh go mícheart i leith na bhfeithiclí sin, cibé acu le faillí nó le beartaíocht an sannadh sin.

(4) I gcás ina measann an Coimisiún gur cheart, an tráth a cláraíodh í, feithicil a clárú mar fheithicil seirbhíse, ba cheart dó na sonraí a thuairiscigh na Ballstáit a cheartú dá réir agus a mheas gur feithicil seirbhíse í an fheithicil chun críocha Airteagal 2(3) de Rialachán (AE) 2019/1242.

(5) Dá bhrí sin, chun meánastaíochtaí sonracha CO_2 an mhonaróra a ríomh, déantar feithiclí tromshaothair ar sannadh astaíochtaí go mícheart ina leith a mheas agus na hastaíochtaí CO_2 a bhaineann leo arna gcinneadh de réir próifílí misin seirbhíse, próifílí arb airde na hastaíochtaí CO_2 a shanntar ina leith ná na hastaíochtaí a chinntear i leith próifílí misin de chineál an tseachadta agus, dá réir sin, ar lú is fabhrach iad don mhonaróir ná na hastaíochta a shannfaí dá ndéanfaí ceartdeimhniú ar an bhfeithicil mar fheithicil seachadta tráth a ceadchláraithe.

(6) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Choiste um Athrú Aeráide,

([1]) IO L 198, 25.7.2019, lch. 202.

([2]) Rialachán (AE) 2018/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Meitheamh 2018 maidir le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí CO2 ó fheithiclí nua tromshaothair agus ídiú breosla na bhfeithiclí sin (IO L 173, 9.7.2018, lch.1).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Feithiclí tromshaothair atá deimhnithe mar fheithiclí seirbhíse ach nach bhfuil cláraithe amhlaidh a shainaithint

1. Bunóidh an Coimisiún liosta ar a mbeidh feithiclí tromshaothair a deimhníodh de réir bhrí Airteagal 2(3) de Rialachán (AE) 2019/1242 mar fheithiclí seirbhíse ar bhonn na sonraí a thuairiscigh an monaróir i gcomhréir le hAirteagal 5 de Rialachán (AE) 2018/956 ach nár cláraíodh mar fheithiclí seirbhíse ar bhonn na sonraí a thuairiscigh na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 4 de Rialachán (AE) 2018/956.

2. Soláthróidh an Coimisiún na codanna ábhartha den liosta dá dtagraítear i mír 1 do na húdaráis inniúla dá dtagraítear in Airteagal 4(2) de Rialachán (AE) 2018/956 agus do na pointí teagmhála arna gceapadh ag an monaróir de bhun Airteagal 5(2) de Rialachán (AE) 2018/956.

3. Féadfaidh údaráis inniúla agus monaróirí soiléirithe maidir le cruinneas na sonraí arna dtuairisciú de bhun Airteagail 4 agus 5 de Rialachán (AE) 2018/956 a sholáthar don Choimisiún laistigh d'aon mhí amháin tar éis dóibh an liosta de bhun mhír 2 a fháil.

4. Ar fháil na soiléirithe sin don Choimisiún nó ar theacht do dheireadh na tréimhse aon mhí amháin dá bhforáiltear i mír 3, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an liosta ar a mbeidh feithiclí tromshaothair dá dtagraítear i mír 1 ar bhonn an tsoiléirithe tuairiscithe dá bhforáiltear de bhun mhír 3, ar bhonn argóintí na bpáirtithe agus, b'fhéidir, ar bhonn roinnt imscrúduithe breise.

5. Má chinneann an Coimisiún, i bhfianaise thoradh an mheasúnaithe dá dtagraítear i mír 4, gur cláraíodh mar ba cheart mar fheithiclí nach feithiclí seirbhíse iad, feithiclí tromshaothair arna sainaithint de bhun mhír 1, cuirfidh an Coimisiún ceartúcháin i bhfeidhm maidir le meánastaíochtaí sonracha bliantúla CO_2 an mhonaróra i gcomhréir le hAirteagal 2 chun na feithiclí sin a chur san áireamh.

6. Féadfaidh an Coimisiún, i bhfianaise shaintréithe teicniúla na bhfeithiclí lena mbaineann, deimhniú de chuid na feithicle tromshaothair céanna, ar deimhniú é a dhéanfaidh an monaróir a athríomh, de réir shaintréithe teicniúla na feithicle sin, i ngrúpa feithiclí 4, 5, 9 nó 10 d'Iarscríbhinn I, Tábla 1 a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/2400 ón gCoimisiún ([3]), a chur in ionad an deimhnithe a bhain leis an gcéad-tuairisc ar an bhfeithicil seirbhíse. I gcás den sórt sin, ní chuirfidh an Coimisiún ceartúcháin i bhfeidhm maidir le meánastaíochtaí sonracha bliantúla CO2 an mhonaróra i gcomhréir le hAirteagal 2 chun na feithiclí sin a chur san áireamh ach áireofar na feithiclí sa chinneadh a dhéanfar maidir le hastaíochtaí sonracha CO2 an mhonaróra de réir fhorálacha Rialachán (AE) 2019/1242, go háirithe i gcás ina bhfuil na bearta lena mbeifí ag súil go réasúnach déanta ag an monaróir ionas go dtacófar le cruinneas an dearbhaithe feithicle gur feithicil seirbhíse a bhí i gceist, bunaithe ar an bhfaisnéis a bhí ar fáil tráth an dearbhaithe.

7. Má chinneann an Coimisiún, i bhfianaise thoradh an mheasúnaithe dá dtagraítear i mír 4, gur cheart, nuair a cláraíodh iad, feithiclí tromshaothair arna sainaithint de bhun mhír 1 a chlárú mar fheithiclí seirbhíse, ceartóidh an Coimisiún na sonraí a thuairiscigh an mBallstát i gcomhréir le hAirteagal 4 de Rialachán (AE) 2018/956 agus cuirfidh sé an Ballstát inar cláraíodh na feithiclí tromshaothair sin ar an eolas faoin gceartúchán sin.

Airteagal 2

Ceartúcháin a chur i bhfeidhm maidir le meánastaíochtaí sonracha CO_2

Más ann d'fheithiclí tromshaothair a chomhfhreagraíonn d'fhorálacha Airteagal 1(5), déanfar meánastaíochtaí sonracha bliantúla CO_2 an mhonaróra a cheartú mar seo a leanas:

$$(avgCO2_{sg})_{corr} = (V_{sg}\ x\ avgCO2_{sg} + \Sigma_v\ CO2V_v\ )\ /\ (V_{sg} + Voc_{sg}),$$

nuair:

is é $avgCO2_{sg}$ meánastaíochtaí sonracha CO_2 an mhonaróra mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I, pointe 2.2. a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1242;

([3]) Rialachán (AE) 2017/2400 ón gCoimisiún an 12 Nollaig 2017 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (EC) Uimh. 595/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cinneadh a dhéanamh ar astaíochtaí CO2 agus ar ídiú breosla feithiclí tromshaothair agus lena leasaítear Treoir 2007/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 582/2011 ón gCoimisiún (IO L 349, 29.12.2017, lch. 1).

is é V_{sg} líon na bhfeithiclí nua tromshaothair atá ag an monaróir san fhoghrúpa feithiclí *sg*, gan feithiclí seirbhíse a áireamh, i gcomhréir le hAirteagal 4, pointe (a) den Rialachán (AE) 2019/1242;

is é Σ_v an tsuim i leith na bhfeithiclí tromshaothair uile atá ag an monaróir san fhoghrúpa feithiclí *sg*, i gcomhréir le forálacha Airteagal 1(5);

is é $CO2V_v$ meánastaíochtaí CO_2 in g/tkm na feithicle seirbhíse *v* le haghaidh na dteaglamaí difriúla uile de phróifílí misin, de choinníollacha ó thaobh ualaigh de agus de chineálacha breosla, arna dtuairisciú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/956;

is é Voc_{sg} líon na bhfeithiclí tromshaothair atá ag an monaróir san fhoghrúpa feithiclí *sg*, i gcomhréir le hAirteagal 1(5).

Cuirfear meánastaíochtaí sonracha CO_2 ceartaithe an mhonaróra $(avgCO2_{sg})_{corr}$ in ionad mheánastaíochtaí sonracha CO_2 an mhonaróra $avgCO2_{sg}$ chun críocha Rialachán (AE) 2019/1242.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 10 Meitheamh 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN